

# Struchtúr an chúrsa

Ranganna idirghníomhacha ar líne uair sa choicís ina bpléifear cúrsaí cruinnis i gcomhthéacs scéalta reatha nuachta.

Méadófar ar mhuinín an mhúinteora céim ar chéim i labhairt agus i scríobh na Gaeilge i dtimpeallacht thacúil.

Trí sheimineár lae le linn an chúrsa (ionad le deimhniú) ina mbeidh deis ag rannpháirtithe díriú ar mhionphointí gramadaí agus úsáid fheidhmeach na Gaeilge.

Ullmhú an mhúinteora i dtreo scrúdú TEG Meánleibhéal 2 (B2) ar an 16 Aibreáfn 2016 (in ionaid éagsúla ar fud na tíre).



# Breis Eolais

Táille an chúrsa €250

Tá tuilleadh eolais agus foirm iarratais ar fáil ag www.foras.ie nó is féidir dul i dteagmháil le comhordaitheoir an chúrsa Tomás Ó Póil ag tomas@foras.ie nó ag 087-2642446

An Foras Pátrúnachta, Bloc K3 , Campus Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.
Fón: (01) - 6294110 Ríomhphost: eolas@foras.ie
www.foras.ie



AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# Cúrsa Cruinnis Ar-líne Do Mheánmhúinteoirí

Ag tosú Fómhar 2015

i gcomhpháirt le

teg

teg

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gaelscoileanna

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

teg

Tá ríméad ar an bhForas Pátrúnachta an cúrsa nua seo a fhógairt. Is cúrsa é a réiteoidh rannpháirtithe do Scrúdú TEG Meánleibhéal 2 (B2) agus tá sé dírithe go príomha ar mhúinteoirí atá ag obair i meánscoileanna lán-Ghaeilge ach a bheadh oiriúnach do rúnaithe scoile agus do bhaill na mbord bainistíochta chomh maith.

Cén fáth a dtabharfainn faoin gcúrsa seo?

- Is cáilíocht iontaofa neamhspleách é TEG atá aitheanta go hidirnáisiúnta
- Is é TEG an cháilíocht inmhianaithe ag Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge dóibh siúd a chuireann isteach ar phost nó ar ardú céime ina scoileanna
- Is cáilíocht é a chuirfidh le d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach
- Is cáilíocht é a chuirfidh le do dheiseanna fostaíochta agus a chabhróidh leat ardú céime a bhaint amach

Cuireann Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) sraith scrúduithe agus cáilíochtaí ar fáil do dhaoine fásta atá ag foghlaim na Gaeilge.

Tugann scrúduithe TEG deis d'iarrthóirí, ó ghlantosaitheoirí go leibhéil ardchumais, a gcumas a dheimhniú sa labhairt, sa chluastuiscint, sa léitheoireacht agus sa Ghaeilge scríofa.

Cuireann siollabais agus scrúduithe TEG spriocanna foghlama cinnte roimh mhúinteoirí agus roimh fhoghlaimeoirí le go mbeidh na foghlaimeoirí in ann líofacht sa Ghaeilge a bhaint amach céim ar chéim.

Ó 2005 i leith, tá ionad na dteangacha Ollscoil Mhá Nuad ag soláthar scrúduithe d'ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí Gaeilge in Éirinn agus thar lear. Go dtí seo, tá scrúduithe TEG déanta ag timpeall 4,000 duine.

Bhronn ALTE (Association of Language Testers in Europe) an Q-Mark ar Scrúduithe TEG in 2015 le hardchaighdeán na scrúduithe a dhearbhú.

Beidh an cúrsa seo bunaithe ar shiollabas ML. 2 (B2) agus dírithe ar an scrúdú sin a bheidh ar siúl in Aibreáin 2016 sna hionaid seo a leanas:

Má Nuad, Gaoth Dobhair, Leitir Ceanainn, Caisleán an Bharraigh, An Spidéal, Luimneach, Corcaigh, Cill Chainnigh, Cill Airne agus Béal Feirste.

Tá scrúduithe TEG bunaithe go ginearálta ar an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001).